

## Aighneacht Chló Iar-Chonnacht chuig Comhoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

Deirdre Ní Thuathail, Úinéir agus Bainisteoir

### Cúlra

Tá Cló Iar-Chonnacht ar an bhfód ón mbliain 1985 nuair a bhunaigh an scríbhneoir Micheál Ó Conghaile an comhlacht nuair a bhí sé ina mhac léinn ollscoile. Tá muid lonnaithe i bhfoirgneamh sa gCeardlann i gceartlár shráidbhaile an Spidéil i nGaeltacht Chois Fharráige. Tá oifigí an chomhlachta ansin chomh maith le siopa leabhar ansin – is ann atá an gnó díol leabhar ar líne chomh maith. Anuraidh, i 2021, tar éis tríocha cúig bliain ar an stiúir, d'éirigh Micheál as a chuid cúraimí agus dhíol sé an comhlacht liomsa. Ó tharla breis agus scór bliain caite agam féin i mo bhainisteoir ar an gcomhlacht, bhí leanúnachas nádúrtha ann agus níor tháinig aon athrú ar bhainistiú ná ar fheidhmiú an chomhlachta ó lá go lá.

Sa mbliain 2008 agus Stiofán Ó hAnnracháin ag éirí as trádáil, thóg CIC an comhlacht foilsitheoireachta an Clóchomhar ar láimh. An bhliain dár gcionn, agus Caoimhín Ó Marcaigh ag éirí as trádáil, thóg CIC an comhlacht foilsitheoireachta Sáirséal Ó Marcaigh (Sáirséal agus Dill roimhe sin) ar láimh. Dhá bhliain ó shin agus iadsan iad féin ag éirí as an bhfoilsitheoireacht thóg CIC Cois Life ar láimh. Fágann sin go bhfuil go leor de shaothar phríomhscríbhneoirí na Nua-Gaeilge faoinár gcúram – Máirtín Ó Cadhain, Seán Ó Ríordáin, Liam Ó Flaithearta, Máirtín Ó Direáin, Sean-Phádraic Ó Conaire, Máire Mhac an tSaoi, ina measc – agus leabhair a bhfuil aithne forleathan orthuar nós *Séadna* leis an Athair Peadar, *Ó Pheann an Phiarsaigh*, *Rotha Mór an tSaoil* le Micí Mac Gabhann agus *Cas Amhrán* le Micheál Ó hEidhin.

Cúigear atá fostaithe go lánaimseartha sa gcomhlacht: mé féin (bainisteoir); eagarthóir, feidhmeannach margaióchta agus poiblíochta agus beirt a bhíonn ag plé le díolachán agus riarachán. Timpeall cúig theideal déag nua a fhoilsíonn muid gach bliain mar aon le hathchlónna ón gcúl-liostaí mór atá againn. Fágann sin go bhfuil muid ar cheann de na foilsitheoirí “is mó” Gaeilge sa tír – ó thaobh an líon leabhar a dhíolann muid agus an líon daoine atá fostaithe againn.

Ó tharla gur sa nGaeltacht atá muid lonnaithe agus gurb iad muintir na Gaeltachta an príomh-mhargadh atá againn, leagann muid béim faoi leith ar ábhar Gaeltachta, idir fhicsean agus neamhfhicsean, agus déanann muid cúram ar leith de scríbhneoirí Gaeltachta, leithéidí: Joe Steve Ó Neachtain, Pádraig Standún, Jackie Mac Donncha, Áine Uí Fhoghlú, Ógie Ó Ceilleachair agus go leor leor nach iad. Ach ní i dtuilleamaí pobal léitheoireachta na Gaeltachta amháin atá muid mar is léir ó shaothar le scríbhneoirí cathrach mar Anna Heussaff agus Réaltán Ní Leannáin (Baile Átha Cliath), Pádraic Breathnach (Luimneach), Dave Duggan (Doire), Gearóid Mac Lochlainn (Béal Feirste).

Foilsíonn CIC réimse leathan leabhar Gaeilge; filíocht, úrscéalta agus gearrscéalta, leabhair amhrán, leabhair do dhéagóirí, leabhair do pháistí, dírbheathaisnéisí agus cuimhní cinn, leabhair thaighde agus leabhair staire agus spóirt. Le blianta fada tá cearta aistriúcháin do mhórshaothair na Gaeilge díolta le foilsitheoirí thar lear agus leithéidí *Cré na Cille* foilsithe in suas le cúig theanga déag ar fud an domhain go dáta – is i Rúisis atá an t-aistriúchán is deireanaí.

Déanann Cló Iar-Chonnacht cúram ar leith de go mbeadh gach leabhar Gaeilge a fhoilsíonn muid ar ardchaighdeán ó thaobh ábhair, eagarthóireachta, dearaidh, páipéar ,srl. Go deimhin, tá siad incurtha le haon leabhar Béarla atá ar an margadh. Tá feabhas ollmhór tagtha ar chaighdeán na leabhar Gaeilge atá ar an margadh go ginearálta, in ainneoin a laghad acmhainní atá ar fáil chuige sin.

Déantar margaiócht agus poiblíocht leanúnach ar gach leabhar agus ábhar a fhoilsítear; baintear leas as na meáin shóisialta agus na meáin thraidisiúnta agus bíonn caidreamh againn le féilte, le líonraí sóisialta agus le hócáidí le hardán a thabhairt do na scríbhneoirí agus poiblíocht a dhéanamh ar a saothar. Bíonn taispeántais leabhar againn ag comhdhálacha agus ag ócáidí eile mar iad.

Cuireanna Cló Iar-Chonnacht ceardlanna ar siúl ar bhonn rialta le scríbhneoirí nua agus scríbhneoirí óga a fhorbairt,

Sé misean Chló Iar-Chonnacht gur mar choimirceoir, mar phatrún agus mar chaomhnóir ar chultúr na Gaeilge agus na Gaeltachta a fheidhmíonn muid. Tuigeann muid an mhórthábhacht a bhaineann le caomhnú an tsaibhris chultúir seo, agus is é an aidhm atá againn spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do scríbhneoirí agus do cheoltóirí agus ardán náisiúnta agus idirnáisiúnta a thabhairt dóibh.

Beatha teanga í a labhairt, ach beatha teanga freisin an litríocht agus an léitheoireacht le tacú léi agus í a shuibhriú agus a bhláthú agus a chinntiú go leanfaidh an saibhreas sin ó ghlúin go glúin. Titeann an cúram sin ar fhoilsitheoirí na Gaeilge agus tá Cló Iar-Chonnacht lárnach sa bpróiseas sin.

## **Struchtúr Maoinithe**

Is mór againn an tacaíocht chuireann Foras na Gaeilge / Clár na Leabhar Gaeilge ar fáil trí Scéim na Foilsitheoireachta agus an tacaíocht leanúnach a chuireann an Chomhairle Ealaíon ar fáil freisin tríd an scéim Maoiniú Straitéiseach. Tacaíonn na deontais sin le clár foilsitheoireachta leathan a chur ar bun ach bíonn muid ag brath go mór ar an ioncam ón díolachán freisin le gur féidir linn íoc as na costais reatha.

D'oscail muid siopa leabhar nuair a bhog muid soir go dtí an Spidéal ceithre bliana ó shin le go mbeadh rochtain níos fearr ag pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta ar leabhair Ghaeilge. Díoltar leabhair le gach foilsitheoir Gaeilge sa siopa agus cuidíonn sé sin le gach foilsitheoir Gaeilge. Tá siopa idirlín ag Cló Iar-Chonnacht le roinnt mhaith blianta agus díoltar réimse leathan leabhar agus áiseanna d'fhoghlaimoirí ar an suíomh sin le custaiméirí ar fud an domhain.

## **Na dúshláin atá romhainn:**

### **1. Maoiniú**

Bhí buiséad €1.8 milliún ag Clár na Leabhar Gaeilge i 2008, tá 48% de thitim tagtha ar an mbuiséad sin ó 2008 i leith, in ainneoin go bhfuil ardú as cuimse tagtha ar an ráta boilscithe agus ardú suas le 50% tagtha ar chostas páipéar le dhá bhliain anuas.

Tá sé fógraithe ag Foras na Gaeilge le gairid go bhfuil sé i gceist acu athbhreithniú a dhéanamh ar Scéim na Foilsitheoireachta. Fáiltimid roimh aon athbhreithniú, ach ón méid atá tagtha chun solais tar éis sraith cruinnithe idir an Foras agus na foilsitheoirí le gairid, cuireann sé an-inní orainn gur cosúil gurb é an t-aon phlean amháin atá ag an bhForas faoi láthair ná maoiniú a bhaint d'fhoilsitheoir amháin le tabhairt d'fhoilsitheoir eile. Níl an smaointeoireacht ná an cur chuig sin inghlactha.

Tá sé an-tábhachtach d'fhorbairt thionscal na foilsitheoireachta trí chéile go mbeadh bonn láidir gnó faoi na comhlachtaí foilsitheoireachta agus tá muid ag iarraidh ar an gCoiste Oireachtais a chur ina luí ar Fhoras na Gaeilge gan a dhul sa treo seo in aon athbhreithniú atá ar siúl acu. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí an leibhéal maoinithe atá ar fáil do Chlár na Leabhar Gaeilge ar ais go dtí an leibhéal ag a raibh sé i 2008 ar a laghad, le go mbeidh Foras na Gaeilge in ann tacú le gach foilsitheoirí a fhaigheann maoiniú faoi Scéim na Foilsitheoireachta i gceart agus borradh nua a chur faoi thionscal na foilsitheoireachta Gaeilge chun go mbeadh muid in ann leanacht dár gnó: ag foilsíú leabhair Ghaeilge atá ar ardchaighdeán.

## **2. Comharbacht agus Inmharthanacht Fhoilsitheoireacht na Gaeilge**

Is earnaíl an-bheag í earnaíl na foilsitheoireachta Gaeilge agus, mar atá luaite cheana agam, is iad Cló Iar-Chonnacht an foilsitheoir “is mó” le cúigeat fostaithe go lánaimseartha; formhór na bhfoilsitheoirí eile, is taobh le duine amháin nó le hoibrithe páirtaimseartha nó ócáideacha atá siad.

Bhí bunaitheoir CIC, Micheál Ó Conghaile, in ann éirí as an bhfoilsitheoireacht mar go raibh fostaithe ansin a bhí ábalta teacht i gcomharbacht air agus a chinntiú go leanfadh an gnó ar aghaidh. Dá dtarlódh rud éigin domsa amárach, de bharr an struchtúr atá ar an gcomhlacht ó thaobh fostaíochta de, tá mé muiníneach go bhfuil daoine againn a bhfuil an taithí ábhartha acu le nach dtitfeadh an comhlacht as a chéile.

Níl sin amhlaidh le go leor de na foilsitheoirí beaga. Bhí a fhianaise sin le feiceáil nuair a d'éirigh stiúrthóirí Chois Life as dhá bhliain ó shin, agus an Clóchomhar agus Sáirséal • Ó Marcaigh roinnt blianta roimhe sin.

Má leanann an Foras den phlean atá, de réir mar a thuigimid acu, maoiniú CIC a ghearradh, chun é a bhronnadh ar fhoilsitheoir eile, tá siad ag cinntiú go rachaidh Cló Iar-Chonnacht, luath nó mall, an bóthar céanna, is é sin le rá, gan dóthain maoiniú le comharbacht a chinntiú agus deireadh dá réir ag teacht le foilsitheoir eile Gaeilge, ag tanú ghort na foilsitheoireachta Gaeilge tuilleadh.

## **3. Dáileachán**

Is é ÁIS, comhlacht de chuid Fhoras na Gaeilge, a dháileann formhór na leabhar Gaeilge ar na siopaí leabhar. Tá díolachán ar fiú suas le million euro sa mbliain ag ÁIS faoi láthair. Tá ÁIS ag déanamh jab comh maith agus is féidir leo leis na hacmhainní atá acu ach níl ach díoltóir leabhar amháin ar an mbóthar acu ag freastal ar an tír ar fad. Má tá an díoltóir sin ag tabhairt cuairte ar shiopaí Bhaile Átha Cliath an tseachtain seo, gach seans nach mbeidh sí ar ais chuig na siopaí sin arís go ceann trí mhí.

Tá an t-infrastruchtúr teicneolaíochta atá ag ÁIS go hiomlán as dáta. Níl suíomh idirlín acu, agus má dhéanann tú cuardach ar an bhfocal ‘ÁIS’ in Google tagann chuile rud seachas

dáilitheoirí leabhar aníos. Níl aon rochtain éasca ag siopaí leabhar ar na leabhair Ghaeilge atá ag ÁIS. Ní féidir leis na siopaí seiceáil an bhfuil leabhar ar fáil, nó cá bhfuil leabhar ar fáil. Má tá leabhar Gaeilge a bhfuil éileamh air díolta amach i siopa, is minic nach ndéanfar athordú air sin nó go bhfeicfidh siad díoltóir ÁIS arís.

Níl éascaíocht á dhéanamh do na siopaí leabhar a theacht ar na leabhair agus tá easpa infheistíochta in ÁIS agus tá gan aon uasghrádú ar an teicneolaíocht ná ar an infrastruchtúr go ginearálta ina chonstaic mhór ar aon dul chun cinn a d'fhéadfaí a dhéanamh maidir le cúrsaí dáileacháin.

Mar shampla, cuir ÁIS i gcomparáid leis an gcóras teicneolaíochta atá in úsáid ag leithéidí Gill Distribution agus dáilitheoirí eile ar fud na tíre atá ag úsáid leithéidí Bookstream nó a mhacasamhail, a chuireann ar chumas na siopaí agus foilsitheoirí cuardach a dhéanamh ar gach teideal atá ar fáil ó Gill, de critéir éagsúla, i.e. teideal, údar, ISBN, seánra, foilsitheoir srl., tá foilsitheoirí ábalta monatoireacht a dhéanamh ar an díolachán, is féidir feiceáil an bhfuil leabhair i stoc i siopa, cé mhéad cóip atá ann agus má tá leabhar díolta amach, tá siad ábalta teagmháil a dhéanamh leis an siopa, eolas poiblíochta agus margadóir a chur chucu, agus éileamh a chruthú le go gcuirfidh siad isteach athordú. Le hais teicneolaíocht mar seo, tá ÁIS in áit na leithphingine.

Tá an t-eolas seo ar fad an-tábhachtach agus feachtais mhargaíochta, ócáidí léitheoireachta, soltaí srl. á bpleanáil, mar is airgead amú é an poiblíocht muna bhfuil an leabhar ar fáil.

#### **4. Cé hiad ár margadh? Cé atá ag léamh?**

Tá na foilsitheoirí Gaeilge éagsúla ag freastal ar mhargaí éagsúla agus tá a sainréimse spéise féin ag gach foilsitheoir. Tá freastal ar phobal na Gaeltachta i.e. Gaeltacht Chonamara agus na Mí ar cheann de na tosaíochtaí atá ag Cló Iar-Chonnacht.

Tá tuairim choitianta ann nach léann muintir na Gaeltachta leabhair Ghaeilge. Is é ár dtaithí féin go léann agus go gceannaíonn siad leabhair a bhaineann lena gceantar agus lena gcultúr féin. Tá leabhair a bhí dírithe ar mhuintir na Gaeltachta ar chuid de na leabhair is mó díol a bhí ag Cló Iar-Chonnacht riamh, ina measc *Rocky Ros Muc*, *Cuimhní Cinn Cháit Ní Mhainnín*, *Amhráin Tom a' tSeoighe*, *An Cheathrú Rua agus na hOileáin: Pobal sa Naou hAois Déag*, *An Baile Beag Géimiúil*, *Iomramh Aonair: Beathaisnéis Bhreandáin Uí Eithir* agus *Nár fhágha mé bás choíche: Seosamh Ó hÉanaí*.

Lasmuigh de phobal na Gaeltachta, tá an margadh do leabhair Ghaeilge scaipthe ar fud an domhain, idir scoileanna, institiúidí acadúla, foghlaimeoirí Gaeilge, ciorcail léitheoireachta agus Cumainn Ghaeilge agus líonraí éagsúla, agus léitheoirí aonair.

Tá cúpla sraith do dhaoine óga le scríbhneoirí aitheanta ar nós Enid Blyton agus Francesca Simon aistrithe go Gaeilge againn le tacaíocht ó COGG, m.sh. An Cúigear Cróga (*The Famous Five*), An Seachtar Stuama (*The Secret Seven*), Dónall Dána (*Horrid Henry*) agus Bertie Brocach (*Dirty Bertie*). Tá an-éileamh ag na daoine óga ar na sraitheanna sin agus chomh maith leis sin úsáidtear iad sna scoileanna. Aithníonn na daoine óga na carachtair cheana féin agus tá siad níos báúla le iad a léamh. Cabhraíonn sé go mór go gcuirtear béim ar theanga shaibhir nádúrtha sna haistriúcháin seachas cruinneas an aistriúcháin nó cloí le diancheangail an Chaighdeáin Oifigiúil.

## **5. Ríomhleabhair**

Tugaim suntas ar leith don méid a bhí le rá ag leabharlannaí an Chontae le Comhairle Chontae na Gaillimhe a tháinig os comhair an choiste seo le deireanas.

Ní fíor a rá go bhfuil ‘drogall’ ar fhoilsitheoirí Gaeilge a n-ábhar a chur ar fáil go digiteach. Go deimhin, bhí cuid d’fhoilsitheoirí Gaeilge ceannródaíoch go maith san earnáil seo, muid féin ina measc.

Tá breis agus 200 teideal idir leabhair Chló Iar-Chonnacht agus Cois Life ar fáil i bhfoirm ríomhleabhair. Tá siad sin á ndáileadh tríd na gcomhlachtaí Vearsa agus Gardiners a dháileann ar aghaidh iad tríd mórdháilitheoirí ar nós Amazon, Kobo, Apple, ebrary (Libraries) agus go leor eile.

Tá córas eile ann a úsáideann leabharlanna ar a dtugtar ebook Central agus siad an comhlacht ProQuest i Sasana a sholathraíonn ríomhleabhair don chóras sin. Chaith muide míonna ag dul anonn agus anall ag caint agus ag idirbheartaíocht le ProQuest anuraidh ag impí orthu na leabhair a chur ar an gcóras, agus ina theannta sin d’iarr muid ar leabharlann na hollscoile i nGaillimh teagmháil a dhéanamh leo freisin le go bhfeicfeadh ProQuest go raibh éileamh ar na ríomhleabhair Ghaeilge.

Ní léir dúinn go bhfuil an t-éileamh ag teacht ó na leabharlanna chuig na dáilitheoirí seo, agus nuair nach bhfuil, níl aon bhrú orthu na leabhair Ghaeilge a chur ar an gcóras.

As an 200 teideal digiteach atá ag Cló Iar-Chonnacht faoi láthair, bhí an t-ioncam ó dhíolachán níos lú ná 1% den teacht isteach iomlán ó dhíolachán. i.e. tagann breis agus 99% den díolachán ó fhíorleabhair.

Bhí sé á thuar tráth nach mbeadh daoine ag ceannacht fíorleabhair níos mó, gur ríomhleabhair is mó a cheannófaí, tá an nósmaireacht sin athraithe sa treo eile anois, agus tá an claonadh céanna á fheiceáil ag na foilsitheoirí Béarla.

Is maith ann iad na ríomhleabhair mar áis bhreise, ach tá acmhainní na bhfoilsitheoirí teoranta, ní féidir linn gach trá a fhreastal, tá dualgas orainn dár gcuid scríbhneoirí ár gcuid fuinneamh a dhíriú ar an mbealach is fearr lena gcuid leabhair a dhíol ionas go mbeidh ioncam á shaothrú acu ó dhleachta.

D’íoc Cló Iar-Chonnacht breis agus €40,000 dleachta le scríbhneoirí Gaeilge i 2021; tháinig níos lú ná 1.5% de sin ó dhíolachán ríomhleabhair.

## **6. Margaíocht agus Poiblíocht**

Más pocaide gabhar atá agat bí i lár an aonaigh leis.

Tá constaicí go leor ag cur bac ar fhoilsitheoirí na leabhair Ghaeilge a chur i lár an aonaigh. Mar atá luaite cheana, cúrsaí dáileacháin ar an gcéad dul síos, ach sa mhullach air sin tá easpa tráchta agus easpa léirmheastóireachta sna meáin Bhéarla, go háirithe.

Cén uair deireanach a bhí léirmheas ar leabhar Gaeilge san Irish Times?

Bíonn imeachtaí Gaeilge fágtha in áit na leithphingine ag féilte liteartha agus ócáidí eile dá shórt. Is cineál ‘tokenism’ a bhíonn ar siúl ag féilte áirithe le maoiniú a fháil ó leithéidí Fhoras na Gaeilge nó ón gComhairle Ealaíon le “rud eicint Gaeilge” a bheith mar chuid den

fhéile. Ach is minic go mbíonn an t-imeacht sin ar siúl ag an am is measa den lá agus nach ndéantar aon poiblíocht air mar chuid de chlár iomlán na féile. Ónár dtaithí fágfar faoin bhfoilsitheoir nó faoin scríbhneoir a gcuid poiblíochta féin a dhéanamh ar bheagán tacaíochta ó lucht eagraithe na féile.

Tá sé thar am ag na deontóirí coinníollacha níos daingne a chur leis an maoiniú a chuirtear ar fáil d'fhéilte agus d'imeachtaí agus go gcinnteofaí go mbeadh imeachtaí Gaeilge mar chuid lárnach den fhéile, go mbeadh na himeachtaí tarraingteach agus go ndéanfaí poiblíocht agus margaíocht orthu le lucht féachana agus éisteachta a mhealladh.

An bhfaca tú aon scríbhneoir Gaeilge ar an *Late Late Show* ná ar an *Today Show* (beirt chainteoirí dúchais Gaeilge ina láithreoirí air mar a tharlaíonn!), nó ag caint le Ryan Tubridy ar an gclár raidió le gairid? Is cinnte nach bhfaca. Tá scéal chomh spéisiúil céanna, nó níos spéisiúla, b'fhéidir, le n-inseacht ag an scríbhneoir Gaeilge le cuid de na haoínna a bhíonn ar na cláracha sin ach ní fhaigheann siad an deis sin a theacht os comhair an phobail.

Tá an feachtas margaíochta Love Leabhar Gaeilge gníomhach ag cur leabhair Gaeilge chun cinn, go háirithe ar na meáin shóisialta. Tá ardú tagtha ar an díolachán ó thosaigh an feachtas sin agus tá ag éirí leis dul i gcion ar an bpobal agus margaí nua a aimsiú. Tá an feachtas reatha ag teacht chun críche ag deireadh na bliana seo agus tá sé rithábachtach nach mbeidh briseadh ann sa maoiniú agus go mbeidh dóthain ar fáil le leanacht leis an bhfeachtas an bhliain seo chugainn.

## **Na príomhaidhmeanna agus achoimre**

### **1. Leabhair tharraingteacha a fhoilsiú a fhreastalaíonn ar an margadh**

Muna ndéanfar forbairt agus cothú ceart ar na scríbhneoirí ní bheidh ábhar againn le foilsiú.

Tá Scéim Coimisiún ag Foras na Gaeilge agus tá sé seo thar a bheith tábhachtach do na foilsitheoirí mar go dtugann sé deis don fhoilsitheoir coimisiún a dhéanamh ar shaothar a dhéanann freastal ar mhargadh faoi leith, dar leo, nó freastal ar bhearna sa mhargadh. Bíonn an foilsitheoir ábalta luach saothair a thairiscint don scríbhneoir le cur ar a gcumas tabhairt faoi shaothar nua a scríobh.

Níl aon rialtacht ag baint leis an scéim seo, ní raibh aon scéim ann ó 2019 de bharr easpa maoinithe agus tá sé ráite nach bhfógrófar an scéim i mbliana ach an oiread. Fadhb eile leis ná gurb é an Foras a shocraíonn cé a gheobhaidh an coimisiún seachas an foilsitheoir, an té a bhfuil eolas aige ar an margadh agus ar na cineálacha leabhar atá á n-éileamh. Ní haon chabhair ach oiread an rúndacht a bhaineann leis an bpróiseas roghnaithe.

Tá sé tábhachtach go dtabharfadh Foras na Gaeilge / Clár na Leabhar Gaeilge tosaíocht don Scéim seo mar tá sé tábhachtach go mbeadh na foilsitheoirí in ann saothair a choimisiúnú le freastal i gceart ar an margadh léitheoireachta agus nach mbeifí ag brath ar ábhar leabhair a thiocthadh, b'fhéidir, ó scríbhneoir gan choinne.

### **2. Traenáil agus printíseachtaí a chur ar fáil do chéimithe le iad a spreagadh le dhul i dtreo na foilsitheoireachta**

Tá gnó na foilsitheoireachta an-bheag sa tír seo, agus tá sé níos lú fós in earnáil na foilsitheoireachta Gaeilge. Tá ganntan mór eagarthóirí oilte ann, agus is minic go mbíonn na seacht dtrá á fhreastal ag an té atá i mbun an ghnó, caithfidh siad a bheith ina n-eagarthóir, dearthóir, cuntasóir, margaíocht a dhéanamh chomh maith le máistreacht a fháil ar iliomad ceirdeanna eile. Tá go leor den cheird foghlamtha sa phost acu, agus níl aon traenáil fhoirmeálta acu in aon cheann de na ceirdeanna a bhíonn ar siúl acu. Tá sin ceart go leor nó go dtarlaíonn rud éigin, go mbuailtear duine tinn nó socraíonn siad éirí as gnó na foilsitheoireachta. Níl aon duine ann le theacht i gcomharbacht orthu, agus tá go leor den dream a bheadh in ann an jab a dhéanamh meallta ag airgead mór an aistriúcháin ghairmiúil. Tá sé tábhachtach pleanáil don todhchaí, bonn láidir a chur faoi na comhlachtaí agus na hacmhainní cuí a chur ar fáil dóibh ionas gur féidir leo fás agus forbairt agus daoine nua a thraenáil agus a fhostú.

### **3. Litríocht na Gaeilge a dhéanamh níos lárnaí agus níos feicealaí**

Ba cheart go mbeadh ról níos lárnaí ag na leabharlanna anseo agus go mbeadh leabhair Ghaeilge ar fáil in gach leabharlann ar fud na tíre. Ní leor cóip amháin de leabhar Gaeilge a bheith á roinnt idir cúig nó sé leabharlann mar atá faoi láthair, ba chóir go mbeadh sé d'iachall ar gach leabharlann sa tír go mbeadh ar a laghad cóip amháin de gach leabhar Gaeilge a fhoilsítear á cheannacht acu do gach leabharlann, go háirithe na leabharlanna atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta.

Caithfidh an Ghaeilge a bheith níos lárnaí agus níos feicealaí ag féilte agus ag imeachtaí a fhaigheann tacaíocht maoiniú ó Fhoras na Gaeilge agus níor cheart go nglacfaí le “cuid Pháidín den mheacan” a bhíonn ar siúl ag a bhformhór.

### **4. Poiblíocht, Poiblíocht agus Poiblíocht**

Chuir Alan Titley béim faoi leith ar phoiblíocht sa aitheasc a thug sé féin don choiste seo le gairid. Tacaíonn muid go hiomlán leis an méid a dúirt sé i.e. ceannaítear, díoltar agus léitear leabhair mar go bhfuil a fhios ag daoine go bhfuil siad ann

Faoin Acht Teanga beidh dualgas ar chomhlachtaí poiblí 5% den chaiteachas ar fhógraíocht a chaitheamh ar fhógraíocht i nGaeilge. Ba cheart go gcuirfí coinníoll leis an bhfógraíocht sin agus go ndéanfaí cinnte de go mbeadh clúdach ceart á fháil sna meáin Bhéarla d'imeachtaí Gaeilge, léirmheastóireacht ar leabhair Ghaeilge ina measc, seachas an neamhaird iomlán atá á dhéanamh acu air sin faoi láthair.

Caithfear a thaispeáint do na siopaí leabhar go bhfuil margadh ann do na leabhair Ghaeilge le go dtabharfar áit fheiceálach dóibh sa siopa seachas a bheith caite ar an tseilf íochtair in áit éigin thíos ag cúl an tsiopa agus gan ord ná eagar orthu.

Chuige sin tá infheistíocht ag teastáil sa gcóras dáileacháin atá ag ÁIS atá go mór as dáta do shaol digiteach an lae inniu, agus nach bhfuil oiriúnach don aidhm níos mó.

### **5. Pleanáil don todhchaí**

Níl aon duine ag déanamh saibhreas as a bheith ag scríobh ná ag foilsiú i nGaeilge; tá seirbhís poiblí á chur ar fáil agus tá fostaíocht á cruthú i gceantar Gaeltachta.

Ní féidir leis an bhfoilsitheoireacht ná leis an scríbhneoireacht bláthú cheal maoiniú.

Tá muid ag impí ar an gCoiste seo moladh a dhéanamh go dtabharfar ar ais maoiniú Chlár na Leabhar Gaeilge go dtí an leibhéal a bhí ann i 2008, ar a laghad, nó tá an baol ann go rachaidh tuilleadh foilsitheoirí sa treo ceanna a ndeachaigh an Clóchomhar agus Sáirséal Ó Marcaigh agus Cois Life, go háirithe más é an t-aon phlean athbhreithnithe atá ag Foras na Gaeilge ná airgead a bhaint ó fhoilsitheoir amháin le tabhairt d'fhoilsitheoir eile.

Is gníomh a theastaíonn le foilsitheoireacht na Gaeilge a thabhairt slán.

Teastaíonn infheistíocht a dhéanamh in oiliúint agus i dtraenáil seachas síorchiorruithe ar an earnáil.

Ní fhoghlaimoidh tú an cheird seo in aon ollscoil – tá taithí na mblianta ag aon duine atá ag plé le cúrsaí foilsitheoireachta Gaeilge faoi láthair. Tabhair aire dóibh, ní féidir luach a chur na hacmhainní daonna sin.

Deirdre Ní Thuathail

27/5/2022